# PLEAN GLASAITHE FÉILTE

## 1

**Tabhair gealltanas a bheith glas**

- Lucht eagraithe chun clárú do chairt "Bíodh Féile Ghlas Agaibh".
- An gealltanas sin le tús a chur le d'aistear glas a chur chun cinn go poiblí e.g. ar do láithreán gréasáin, ar na meáin, ar an raidió áitiúil, ar na meáin shóisialta, ar aon bhróisiúir/litríocht, etc.

## 2

**Déan measúnú ar an gcéim ag a bhfuil tú**

- An bhfuil rudaí maithe ar bun agat cheana féin a d'fhéadfá a lua/a fhorbairt.
- Céard iad na réimsí/gníomhaíochtaí a bhaineann le d'fhéile féin (féach thall) – breathnaigh orthu seo chun nithe a d'fhéadfá a dhéanamh a fheiceáil.
- Féach cén staid ag a bhfuil tú maidir le dramhaíl, fuinneamh, uisce, agus iompar.
- An bhfuil eolas agat cheana féin faoi mar a d'éirigh leat roimhe seo e.g. an líon tonnaí dramhaíola a bhí i gceist anuraidh.

## 3

**Cuir plean i dtoll a chéile don chéad fhéile eile anois**



- Faigh gealltanas ón gcoiste ar fad.
- Cuir foireann Ghlas ar bun (fiú mura bhfuil ann ach duine amháin).
- Roghnaigh líon beag gníomhartha agus leag amach iad – bí réalaíoch – am & acmhainní. Féach thall chun smaointe a fháil.
- Oibrigh leis an gcoiste, le lucht stainníní, le lucht freastail na féile, le hurraitheoirí & le gnónna áitiúla.
- Bíodh sé leagtha amach agat roimh ré mar atá sé i gceist agat monatóireacht a dhéanamh ar chúrsaí agus iad a thaifeadadh.

Smaoinigh ar an toradh is mian leat a bhaint amach trí ghlasú a dhéanamh ar d'fhéile.

## 4



**Scaip an scéal**

- **Ar na daoine ábhartha:** e.g. baill an choiste, oibrithe deonacha, lucht stainníní, conraitheoirí etc.
- **Ar an bpobal i gcoitinne:** ar an láithreán gréasáin & ar na meáin shóisialta, nuacht /raidió áitiúil agus ar ábhar clóite.
- **Ar na daoine a bheidh ag freastal ar d'fhéile.**
  - Roimh an imeacht – láithreán gréasáin, na meáin shóisialta, etc.
  - Le linn an imeachta – fógraí, comharthaí, cainteanna, etc.

## 5



**Cuir do ghníomhartha i bhfeidhm!**



## 6



**Caith súil siar ar mar a d'éirigh leis**

- Nuair a bheidh an fhéile thart, féach ar na gnéithe a d'oibrigh agus ar na gnéithe nár oibrigh.
- Déan iarracht sonraí a fháil e.g. dramhaíl agus athchúrsáil, fuinneamh, agus úsáid uisce.
- Úsáid na sonraí sin chun plean na bliana seo chugainn a chur i dtoll a chéile.
- Déan cinneadh maidir le haon ghníomhartha glasaithe leagáide (féach thall).
- Ba chóir don choiste preasráiteas a eisiúint i ndiaidh an imeachta ina gcuirtear in iúl go ndearnadh "Glasú ar an bhféile".

## 7





**Déan an rud ceannann céanna an bhliain seo chugainn**

# GNÍOMARTHA DON FHÉILE GHLAS

Cosc a chur ar dhramhaíl a chruthú, ach i gcás dramhaíl nach féidir a sheachaint, araidí a chur ar fáil chun dramhaíl a scaradh ina 2 nó 3 shruth: dramhaíl in-athchúrsáilte, dramhaíl ghinearálta, agus más gá, dramhbhia.

Faigh eolas ar ais ó chonraitheoirí dramhaíola maidir le líon na dtonaí dramhaíola a bailíodh ó gach sruth dramhaíola.

An Chairt Ghlas le síniú ag an gCoiste

Má tá gineadóirí, soilsiú soghluaiste etc., á bhfáil ar cíos, iarr trealamh atá éifeachtach ó thaobh fuinnimh mar soilsiú agus scáileáin LED, gineadóirí, agus bíodh sé mar chuid den chonradh go mbainfí úsáid éifeachtúil as díosal.

Bain leas as cupáin/gloiní e.g. i bpubaill fáilte, ag ionaid uisce d'imeachtaí rásaíochta, etc.

Cuir daoine atá ag freastal ar an bhféile ar an eolas go bhfuil tú ag glacadh céimeanna chun an fhéile a Ghlasú – bain leas as na meáin, na meáin shóisialta, láithreán gréasáin, córais fógartha phoiblí; cuir teachtaireacht san áireamh ar bhróisiúir, bhileoga, etc.

Cuir scairdeáin uisce ar fáil.

## LUCHT FREASTAIL NA FÉILE

Déan gnéithe mar páirceáil agus siúl, páirceáil agus taisteal, rothaíocht etc a leagan amach agus cuir chun cinn iad.

Cuir iompar poiblí chun cinn tríd an láithreán gréasáin/na meáin shóisialta agus cuir sonraí ar fáil.

Roinn 'Noda Glasa do Lucht Freastail na Féile' ar na meáin shóisialta etc.

Iarr ar lucht freastail na féile a ndícheall a dhéanamh sa chaoi is nach mbeidh aon tionchar ag a gcuairt ar an timpeallacht.

Bain leas as comharthaí ionas gur féidir le daoine araidí a aithint go héasca.

Bain leas as comharthaí ar a bhfuil 'Noda Glasa do Lucht Freastail na Féile' ar taispeáint orthu.

Faigh aiseolas ó lucht freastail na féile.


Cuir cainteanna/ceardlanna/stainníní ar siúl ar ábhar glas, e.g. gníomhú ar son na haeráide, cur amú bia, taispeántais chócaireachta, bithéagsúlacht, bruscar, etc, nuair is ábhartha.

## LUCHT STAINNÍNÍ

Cuir Cairt Ghlas ar fáil do lucht stainníní lenar féidir leo clárú – Sa Chairt Ghlas do lucht stainníní, tugtar smaointe dóibh a d'fhéadfaidís a chur i bhfeidhm.

Tabhair duais don stainnín is fearr ó thaobh na hinbhuanaitheachta.

## SMAOINTE DO GHNÓNNA ÁITIÚLA



Spreag gnónna áitiúla clárú don Chairt Ghlas do ghnónna agus cuir tús le céimeanna a ghlacadh chun a gcuid gníomhaíochtaí a ghlasú agus tabhair aitheantas dóibh as sin a chur i gcrích (e.g. greamáin fuinneoige nó teastais i bhfráma, etc.). Féach an Chairt do ghnónna maidir le smaointe glasaithe.

## LEAGÁID NA FÉILE GLAISE

Cuir crainn dhúchasacha go háitiúil chun astaíochtaí a bhaineann leis an bhféile a fhritháireamh.

Tabhair gealltanas go leanfar den Fhéile a Ghlasú amach anseo.

Cén smaoineamh glas atá agat?